



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2018
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0041 (COD)

9910/18
ADD 1

EF 162
ECOFIN 593
CODEC 1095

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Uimh. an doic. roimhe seo:	9910/18 ADD 1
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta - Sainordú chun dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa = Togra comhréitigh

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus
Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dáileadh
trasteorann gnóthas comhinfheistíochta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹ IO C., lch..

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Comhchuspóir de chuid Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus de chuid Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ is ea cothromas iomaíochta do ghnóthais chomhinfeistíochta a áirithiú agus deireadh a chur le srianta le saorghluaiseacht aonad agus scaireanna gnóthas comhinfeistíochta san Aontas, agus ag an am céanna a áirithiú go mbeidh cosaint níos aonfhoirmí ann d'infheisteoirí. Cé gur baineadh na cuspóirí sin amach den chuid is mó, cuireann bacainní áirithe isteach ar chumas bainisteoirí cistí leas iomlán a bhaint as an margadh inmheánach fós.
- (2) Comhlánaítear na rialacha a mholtar sa Treoir seo le Rialachán tiomnaithe [*maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfeistíochta a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 346/2013*]. Leagann sé síos rialacha agus forálacha breise maidir le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUInna) agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna). Ba cheart na coinníollacha le haghaidh bainisteoirí cistí a fheidhmíonn sa mhargadh inmheánach a chomhordú a thuilleadh agus dáileadh trasteorann na gcistí atá á mbainistiú acu a éascú leis Rialachán sin agus an Treoir seo le chéile.
- (3) Is gá an bhearna rialála a líonadh agus an nós imeachta um fhógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi na hathruithe maidir le GCUInna a ailíniú leis an nós imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE.

² Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais i gcomhair comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUInna) IO L 302, 17.11.2009, lch. 32.

³ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (BCIManna), IO L 174, 1.7.2011, lch. 1.

- (4) Le Rialachán [maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 346/2013] bunaítear rialacha nua lena gceanglaítear ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margai (ESMA) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun a shonrú cén fhaisnéis atá de dhíth, agus Cad iad na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta atá le húsáid le haghaidh tharchur na faisnéise sin maidir le gnóthais comhinfheistíochta a bhainistiú, a ghlacadh nó a scor faoi Threoir 2009/65/CE agus Treoir 2011/61/AE. Dá bhrí sin, níl aon ghá a thuilleadh le forálacha an dá Threoir sin lena dtugtar cumhachtaí lánroghnacha do ESMA chun caighdeáin theicniúla rialála agus dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh fógraí a fhorbairt, agus dá bhrí sin ba cheart iad a scríosadh.
- (5) Leis an Rialachán [*maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 346/2013*] neartaítear na prionsabail is infheidhme maidir le teachtaireachtaí margaithe a rialaítear le Treoir 2009/65/CE agus cuirtear na prionsabail sin i bhfeidhm ar na BCIManna, rud a mbeidh ardleibhéal cosanta infheisteoirí mar thoradh air, beag beann ar an gcineál infheisteora. Dá bhrí sin, níl aon ghá a thuilleadh leis na forálacha comhfhreagracha i dTreoir 2009/65/CE maidir le teachtaireachtaí margaithe agus inrochtaineacht dlíthe náisiúnta agus rialú a bhaineann leis an socrú i dtaca le haonaid de chuid GCUInna a mhargú, agus mar sin ba cheart iad a scríosadh.

- (6) Tá sé léirithe go mbaineann ualach trom leis na forálacha i dTreoir 2009/65/CE, lena gceanglaítear ar GCUInna saoráidí a chur ar fáil d'infheisteoirí, faoi mar atá siad curtha chun feidhme ag córais náisiúnta dlí áirithe. Ina theannta sin, is annamh a úsáideann infheisteoirí na saoráidí áitiúla mar a ceapadh sa Treoir iad. Seachas mar a bhíodh, is é an t-idirghníomhú díreach leis an mbainisteoir ciste - bíodh sin go leictreonach nó ar an nguthán, an modh cumarsáide is fearr le hinfeisteoirí anois, cé go gcuirtear íocaíochtaí agus fuascailtí i gcrích ar bhealaí eile. Cé go n-úsáidtear na saoráidí sin chun críocha riaracháin, amhail aisghabháil trasteorann táill rialála, ba cheart aghaidh a thabhairt ar cheisteanna den chineál sin ar mhodhanna eile, comhar idir na húdaráis inniúla san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a bhunú lena nuachóireofar agus lena sonrófar na ceanglais a bhaineann le saoráidí a chur ar fáil d'infheisteoirí agus níor cheart ceangal a bheith ar Bhallstáit láithreach fhisiciúil áitiúil ina gcuirtear saoráidí den sórt sin ar fáil a bheith acu. Ag an am céanna ba cheart a áirithiú leis na rialacha go mbeidh teacht ag infheisteoirí ar an bhfaisnéise a bhfuil siad ina teideal.
- (7) D'fhonn a áirithiú go gcaithfear go comhleanúnach le hinfeisteoirí miondíola, is gá na ceanglais a bhaineann le saoráidí a chur i bhfeidhm freisin ar BCIManna i gcásanna ina gcéadóidh Ballstáit dóibh aonaid nó scaireanna de chuid CIManna a mhargú le hinfeisteoirí miondíola ina gcríoch féin.
- (8) Ar an ábhar nach bhfuil coinníollacha soiléire aonfhoirmeacha ann le haghaidh margú aonaid nó scaireanna GCUÍ nó CIM AE i mBallstát óstach a scor, tá éiginnteacht eacnamaíoch agus dhlíthiúil ann do bhainisteoirí cistí. Dá bhrí sin, leis an togra seo leagtar síos coinníollacha soiléire, lena n-áirítear tairseacha faoina bhféadfaí gníomhaíochtaí a chur ar ceal. Léiríonn na tairseacha cén uair a fhéadfaidh bainisteoir ciste a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí an chiste neamhshuntasach i mBallstát óstach áirithe. Leagtar síos na coinníollacha sa chaoi go mbainfidh siad cothromaíocht amach idir, ar thaobh amháin, cumas na ngnóthas (nó a gcuid bainisteoirí) cistí margaithe a dhíchhlárú nuair a chomhlíonfar na coinníollacha atá leagtha síos, agus ar an taobh eile, leas infheisteoirí i ngnóthais den sórt sin.

- (9) Maidir leis an deis deireadh a chur le margú GCUInna nó CIManna AE i mBallstát áirithe, níor cheart costas a bheith ar infheisteoirí dá barr, ná níor cheart coimircí faoi Threoir 2009/65/CE nó Treoir 2011/61/AE a bheith níos lú dá barr, go háirithe i dtaca lena gceart rochtana ar fhaisnéis chruinn faoi ghníomhaíochtaí na gcistí sin atá ar siúl i gcónaí.
- (10) Tá cásanna ann inar mian le BCIM suim infheisteoirí i smaoineamh nó i straitéis infheistíochta ar leith a thástáil ach nach mór dó dul i ngleic le cineálacha éagsúla láimhseála gníomhaíochtaí réamh-mhargaithe i gcórais náisiúnta dlí éagsúla. I roinnt Ballstát ina bhfuil réamh-mhargú ceadaithe, tá éagsúlacht mhór idir an sainmhíniú atá air sin agus na coinníollacha a bhaineann leis sna Ballstáit éagsúla. I mBallstáit eile áfach, níl coincheap an réamh-mhargaithe ann in aon chor. Chun dul i ngleic leis an éagsúlacht sin, ba cheart sainmhíniú comhchuibhithe ar réamh-mhargú a chur ar fáil agus ba cheart coinníollacha faoinar féidir le BCIM AE páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin a leagan síos.
- (11) Le go n-aithneofar gníomhaíocht mar réamh-mhargú faoin Treoir seo ní mór baint a bheith aige le smaoineamh nó straitéis infheistíochta CIM nó deighleog CIM, nach bhfuil bunaithe fós, nó atá bunaithe, ach nár tugadh fógra faoina mhargú go fóill sa Bhallstát sin. Dá réir sin, le linn thréimhse an réamh-mhargaithe, ní féidir le hinfeisteoirí suibscríobh do na haonaid nó na scaireanna de chuid CIM agus níor cheart cead a thabhairt foirmeacha síntiúis nó doiciméid chomhchosúla i bhfoirm chríochnúil a dháileadh ar infheisteoirí ionchasacha le linn na céime sin. Áiríteoidh BCIManna nach bhfaigheann infheisteoirí aonaid nó scaireanna i CIM trí ghníomhaíochtaí réamh-mhargaithe agus nach bhfaighidh infheisteoirí a dtéitear i dteagmháil leo mar chuid de réamh-mhargú aonad nó scaireanna sa CIM sin ach amháin de réir an mhargaithe a cheadaítear faoi Airteagal 31 nó Airteagal 32. Más rud é, laistigh de 18 mhí tar éis don BCIM AE dul i mbun gníomhaíochtaí réamh-mhargaithe sa Bhallstát sin, go dtáirgeann an BCIM suibscríobh aonad nó scaireanna i CIM dá dtagraítear san fhaisnéis a soláthraíodh i gcomhthéacs réamh-mhargaithe nó i CIM arna bhunú de thoradh an réamh-mhargaithe, déanfar é seo a mheas mar thoradh ar mhargú agus beidh sé faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt.
- (11a) Áiríteoidh BCIManna go gcuirtear faisnéis maidir lena gcuid gníomhaíochtaí réamh-mhargaithe ar fáil, agus arna iarraidh óna gcuid údarás inniúla, go dtugtar dóibh í. Déanfar tagairt do na Ballstáit san fhaisnéis sin agus don thréimhse inar tharla na gníomhaíochtaí réamh-mhargaithe.

- (12) D'fhonn cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá sioncrónú a dhéanamh ar dhátaí teacht i bhfeidhm dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin lena gcuirtear an Treoir seo agus an Rialachán [*maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 346/2013*] maidir le teachtaireachtaí margaithe agus réamh-mhargaithe chun feidhme. Chomh maith leis sin, is gá comhordú a dhéanamh ar na cumhachtaí a tugadh don Choimisiún ionas go nglacfar dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus caighdeáin theicniúla cur chun feidhme, arna bhforbairt ag ESMA, faoin Rialachán [*maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 346/2013*] maidir le fógraí, litreacha fógraí nó fógraí scríofa i dtaobh gníomhaíochtaí trasteorann atá le scríosadh leis an Treoir seo as Treoir 2009/65/CE agus Treoir 2011/61/AE faoi seach.
- (13) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁴, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a mbeidh údar cuí leis, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite ina míneofar an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar leis na doiciméid sin a tharchur,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

⁴ OJ C 369, 17.12.2011, p. 14.

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/65/CE

Leasaítear Treoir 2009/65/CE mar seo a leanas:

- (1) I mír 8 d'Airteagal 17 cuirtear isteach na fomhíreanna nua seo a leanas:

'I gcás, de bhun athraithe, nach gcomhlíonadh an chuideachta bainistíochta an Treoir seo a thuilleadh, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile na cuideachta bainistíochta in iúl don chuideachta bainistíochta, faoi cheann 15 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa mhír seo a fháil nach bhfuil an t-athrú sin le cur chun feidhme aici.

Sa chás sin, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile na cuideachta bainistíochta in iúl d'údaráis inniúla Bhallstát óstach na cuideachta bainistíochta nach gcuirfear an t-athrú sin chun feidhme.

I gcás ina gcuirtear athrú chun feidhme d'ainneoin na chéad fhomhíre agus an dara fomhír agus dá dheasca sin nach mbeadh an chuideachta ag comhlíonadh na Treorach seo a thuilleadh, déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile na cuideachta bainistíochta gach beart cuí i gcomhréir le hAirteagal 98 agus tabharfaidh siad fógra dá réir d'údaráis inniúla Bhallstáit óstach na cuideachta gan aon mhoill mhíchuí.'

- (2) scriostar Airteagal 77.
- (3) in Airteagal 91, scriostar mír 3.

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 92:

Airteagal 92

1. I ngach Ballstát ina bhfuil sé i gceist ag GCUI aonaid a mhargú, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an GCUI saoráidí ar fáil chun na cúraimí seo a leanas a dhéanamh:

- (a) orduithe um shuibscríobh, íocaíocht, athcheannach agus fuascailt a phróiseáil agus íocaíochtaí eile do shealbhóirí aonad a dhéanamh a bhaineann leis na haonaid san GCUI, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i ndoiciméid an GCUI
- (b) faisnéis a chur ar fáil d'infheisteoirí faoi conas is féidir orduithe dá dtagraítear i bpointe (a) a dhéanamh agus conas a íoctar fáлтаis athcheannaigh agus fuascailte;
- (c) láimhseáil faisnéise agus rochtain ar nósanna imeachta agus socruithe dá dtagraítear in Airteagal 15 a bhaineann le feidhmiú na gceart atá ag infheisteoirí de bharr a n-infheistíochta sa GCUI sa Bhallstát ina bhfuil an GCUI á mhargú, a éascú;
- (d) an fhaisnéis agus na doiciméid a iarradh a chur ar fáil d'infheisteoirí chun gur féidir imscrúdú a dhéanamh orthu agus cóipeanna a dhéanamh díobh de bhun Chaibidil IX, i gcomhréir le Airteagal 94;
- (e) faisnéis a bhaineann leis na cúraimí a dhéanann na saoráidí, a chur ar fáil ar mheán marthanach d'infheisteoirí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(m);
- (f) gníomhú mar phointe teagmhála le haghaidh cumarsáid a dhéanamh leis an údarás inniúil.

2. Ní cheanglóidh na Ballstáit ar GCUI láithreach fhisiciúil a bheith aici sa Bhallstát óstach nó riarthóir tríú páirtí a cheapadh chun críche mhír 1.

3. Áiritheoidh an GCUI go gcuirfear na saoráidí ar fáil chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh:

- (a) i dteanga oifigiúil an Bhallstáit nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit inar margáíodh an GCUI nó i dteanga a d'fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit sin;
- (b) ag an GCUI féin nó ag tríú páirtí faoi réir rialacháin agus maoirseachta lena rialaítear na tascanna a bheidh le déanamh, nó iad araon, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha;

Chun críocha phointe (b), i gcás ina ndéanfaidh tríú páirtí na cúraimí, tabharfar fianaise ar cheapadh an tríú heintiteas le Conradh i scríbhinn ina sonrófar cad iad na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 nach ndéanfaidh cuideachta bhainistíochta an GCUI agus ina mbeidh sé leagtha síos go bhfaighidh an tríú páirtí an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha ar fad ó chuideachta bhainistíochta an GCUI.'

(5) Leasaítear Airteagal 93 mar seo a leanas:

(a) I mír 1 d'Airteagal 17 cuirtear isteach an fhomhír nua seo a leanas:

'San litir fógra cuirfear isteach chomh maith an fhaisnéis agus an seoladh is gá chun críocha sonrastha, nó chun aon táillí nó muirir rialála is infheidhme ag údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh a chur in iúl agus léiriú ar na saoráidí chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 92, mír 1 a dhéanamh.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'8. I gcás athrú ar an bhfaisnéis sa litir fhógra a cuireadh isteach i gcomhréir le mír 1, nó i gcás athrú ar an aicme scaireanna atá le margú, tabharfaidh an GCUI fógra i scríbhinn faoin athrú d'údaráis inniúla Bhallstáit baile an GCUI mí amháin ar a laghad sula gcuirfear an t-athrú chun feidhme.

I gcás, de bhun athrú dá dtagraítear sa chéad fhomhír nach gcomhlíonfadh an GCUI an Treoir, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI in iúl don GCUI, faoi cheann 15 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa chéad fhomhír seo a fháil nach bhfuil an t-athrú sin le cur chun feidhme aici.

Sa chás sin, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI in iúl dá réir sin d'údaráis inniúla Bhallstát óstach an GCUI nach gcuirfear an t-athrú sin chun feidhme.

I gcás ina gcuirfear athrú dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun feidhme tar éis fógra a thabhairt i gcomhréir leis an dara fhomhír agus nach mbeidh an GCUI ag comhlíonadh na Treorach seo a thuilleadh de bhun an athraithe sin, glacfaidh na húdaráis inniúla i mBallstát baile an GCUI gach beart iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 98, lena n-áirítear, más gá, an toirmeasc sainráite ar mhargú an GCUI agus cuirfidh siad an méid sin in iúl d'údaráis inniúla Bhallstát óstach an GCUI gan aon mhoill mhíchuí.'

- (6) cuirtear isteach an tAirteagal 93a seo a leanas:

Airteagal 93a

1. Áiríteoidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI gur féidir leis an GCUI a chuid gníomhaíochtaí a chur ar ceal i mBallstát ina bhfuil fógra tugtha faoina ghníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 93, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) nach mó ná 50 líon na n-infheisteoirí, gurb eol don GCUI ar fhiosrúchán réasúnach, go bhfuil sainchónaí orthu san Aontas nó go bhfuil oifig chláraithe acu sa Bhallstát sin, a bhfuil aonaid an GCUI sin acu nó a bhfuil aonaid GCUI acu sa Bhallstát agus gur lú ná 1% ina n-iomláine iad de na sócmhainní atá faoi bhainistíocht an GCUI sin arna ríomh ar bhonn na luachála is déanaí roimh an dáta a cuireadh isteach an litir maidir le fógra a thabhairt dá dtagraítear i mír 2, nó ar aon chúis eile arna glacadh ag údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit óstaigh ábhartha ar bhonn na sainiúlachtaí a bhaineann lena mhargadh baile féin;
- (b) maidir le haonaid uile GCUI atá i seilbh infheisteoirí i mBallstát ina bhfuil fógra tugtha faoi ghníomhaíochtaí an GCUI i gcomhréir le hAirteagal 93, poibleofar iltairiscint chun iad a athcheannach, saor ó aon mhuirir nó asbhaintí, ar feadh 30 lá oibre ar a laghad agus cuirfear an iltairiscint, go díreach nó trí idirghabhálaithe airgeadais, chuig gach infheisteoir sa Bhallstát óstach, duine ar dhuine, arb eol a gcéannacht don GCUI;

- (c) i dtaca leis an rún fógra maidir leis na gníomhaíochtaí sa Bhallstát a chur ar ceal ina bhfuil fógra tugtha ag an GCUI faoina ghníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 93, poibleofar an rún trí mheán atá ar fáil go poiblí, agus trí mheán atá ar fáil go leictreonach, agus is gnách a úsáid le GCUI a mhargú agus atá oiriúnach do ghnáth-infheisteoir in GCUIInna.

Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) ar fáil i dteanga oifigiúil an Bhallstáit nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit inar margaíodh an GCUI nó i dteanga a d'fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit sin.

2. Cuirfidh an GCUI litir fógra faoi bhráid údaráis inniúla a Bhallstáit baile ina gcuimseofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI a fhíorú an bhfuil an fógra a chuir an GCUI isteach i gcomhréir le mír 2 comhlánaithe ina iomláine. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI, tráth nach déanaí ná 20 lá oibre ó fuarthas an fógra ina iomláine dá dtagraítear i mír 2, an fógra sin a tharchur chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé beartaithe deireadh a chur le margú an GCUI, agus chuig ESMA.

Tar éis tharchur an chomhaid fógra de bhun na chéad fhomhíre, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI an tarchur sin in iúl láithreach don GCUI. Ón dáta sin ar aghaidh, scoirfidh an GCUI d'aon tairiscint nua nó de láithriú a aonad sa Bhallstát a sainaitníodh sa litir fógra dá dtagraítear i mír 2.

4. Leanfaidh an GCUI den fhaisnéis a éilítear faoi Airteagail 68 go 82 agus faoi Airteagal 94 a chur ar fáil d'infheisteoirí atá go fóill infheistithe sa GCUI.

5. Ceadóidh na Ballstáit úsáid gach modha leictreonaigh nó eile cianchumarsáide chun críocha mhír 4, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis agus an modh cumarsáide ar fáil d'infheisteoirí i dteanga oifigiúil an Bhallstáit nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-infheisteoir lonnaithe nó i dteanga a d'fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit sin.'

Leasuithe ar Threoir 2011/61/AE

Leasaítear Treoir 2011/61/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 4(1), idir pointí (ae) agus (af), cuirtear isteach an pointe (aea) seo a leanas:

'(aea) ciallaíonn 'réamh-mhargú' soláthar díreach nó indíreach faisnéise nó cumarsáide faoi straitéisí infheistíochta nó smaointe infheistíochta a dhéanann BCIM AE, nó a dhéantar thar a cheann, d'infheisteoirí gairmiúla a bhfuil sainchónaí orthu san Aontas nó atá cláraithe san Aontas d'fhonn a spéis in CIM nó in urann CIM a thástáil, nach bhfuil bunaithe fós, nó atá bunaithe, ach nár tugadh fógra faoina mhargú go fóill i gcomhréir le hAirteagal 32, sa Bhallstát sin ina bhfuil sainchónaí ar na hinfeisteoirí nó ina bhfuil a n-oifig chláraithe, agus i ngach cás, nach tairiscint ná láithriú don infheisteoir é go ndéanfaidh sé infheistíocht i n-aonaid nó i scaireanna den CIM sin nó in urann.'

- (2) cuirtear Airteagal 30a mar seo a leanas isteach ag tús CHAIBIDIL VI:

'Airteagal 30a

Coinníollacha maidir le réamh-mhargú san Aontas ag BCIM AE

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh BCIM AE údaraithe páirt a ghlacadh i réamh-mhargú san Aontas, ach amháin sa chás ina mbaineann an méid a leanas leis an bhfaisnéis arna cur i láthair d'infheisteoirí gairmiúla féideartha:

- (a) cuireann sí ar chumas infheisteoirí gealltanais a thabhairt aonaid nó scaireanna de CIM ar leith a fháil;
- (b) is ionann í agus foirmeacha síntiúis nó doiciméid chomhchosúla i bhfoirm dhréachtach nó i bhfoirm chríochnúil;
- (c) is ionann í agus doiciméid bhunreachtúla, réamheolaire nó doiciméid tairisceana le haghaidh CIM nach bhfuil bunaithe fós i bhfoirm chríochnúil.

I gcás ina gcuirtear dréacht-réamheolaire nó doiciméid tairisceana ar fáil, ní chuimseofar iontu an fhaisnéis ábhartha go léir, rud a chuirfidh ar chumas infheisteoirí cinneadh infheistíochta a dhéanamh agus luafar go soiléir an méid seo a leanas:

- (a) ní hionann an doiciméad agus tairiscint nó cuireadh suibscríobh leis na haonaid nó na scaireanna de chuid CIM;
 - (b) níor cheart a bheith ag brath ar an bhfaisnéis atá sna doiciméid sin ós rud é gur faisnéis neamhiomlán í agus d'fhéadfadh go dtiocfadh athrú uirthi.
2. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhfuil gá le haon cheangal gníomhaíochtaí réamh-mhargaithe a chur in iúl do na húdaráis inniúla le go mbeidh BCIM AE in ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí réamh-mhargaithe.
3. Áiritheoidh BCIManna nach bhfaighidh infheisteoirí aonaid ná scaireanna in CIM trí ghníomhaíochtaí réamh-mhargaithe agus nach bhfaighidh infheisteoirí a dtéitear i dteagmháil leo mar chuid de réamh-mhargú aonaid ná scaireanna sa CIM sin ach amháin de réir an mhargaithe a cheadaítear faoi Airteagal 31 nó faoi Airteagal 32.

Go háirithe, measfar gur de thoradh an mhargaithe aon suibscríbhinn infheisteoirí gairmiúla, laistigh de 18 mí tar éis don BCIM AE dul i mbun réamh-mhargú, le haonaid nó scaireanna CIM dá dtagraítear san fhaisnéis a soláthraíodh i gcomhthéacs an réamh-mhargaithe, nó aon CIM arna bhunú de thoradh an réamh-mhargaithe, agus beidh siad faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt dá dtagraítear in Airteagal 31 agus in Airteagal 32.

4. Chun críocha mhír 3, déanfaidh an BCIM a áirithiú go bhfuil doiciméadú mar is ceart á dhéanamh ar a ghníomhaíocht réamh-mhargaithe.

Áiritheoidh BCIManna go gcuirtear an fhaisnéis sin maidir lena gcuid gníomhaíochtaí réamh-mhargaithe ar fáil, agus arna iarraidh d'údaráis inniúla go dtugtar dóibh í tar éis na gníomhaíochta agus go gcuimsítear ann tagairt do na Ballstáit agus don tréimhse inar tharla na gníomhaíochtaí réamh-mhargaithe.

(3) Leasaítear Airteagal 32 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír de mhír 7:

'Más rud é, de bhun athrú atá beartaithe, nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh níos mó ag an mbainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM nó nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh níos mó ag an BCIM ar shlí eile, cuirfidh údaráis inniúla ábhartha Bhallstát baile an BCIM in iúl don BCIM faoi cheann 15 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil nach bhfuil an t-athrú le cur i bhfeidhm aige.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír de mhír 7:

'I gcás ina gcuirtear athrú atá beartaithe chun feidhme d'ainneoin na chéad fhomhíre agus an dara fomhír nó de bhun athrú nach raibh beartaithe nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh níos mó ag an mbainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM nó nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh níos mó ag an BCIM ar shlí eile, déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM gach beart cuí i gcomhréir le hAirteagal 46, lena n-airítear, i gcás inar gá sin, an toirmeasc sainráite ar mhargú an CIM agus tabharfaidh siad fógra dá réir d'údaráis inniúla Bhallstát óstach an BCIM gan moill mhíchuí.'

- (4) cuirtear isteach an tAirteagal 32a seo a leanas:

'Airteagal 32a

Scor de mhargú aonad nó scaireanna CIManna AE sna Ballstáit cé is moite de Bhallstát baile an BCIM

1. Áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfaidh BCIM AE fógra maidir leis na gníomhaíochtaí a chur ar ceal sa Bhallstát ina ndearnadh fógra dá ghníomhaíochtaí margaithe a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 32, i gcás ina bhfuil na coinníollacha seo a leanas go léir á gcomhlíonadh:

- (a) chomh fada is eol don CIM, tar éis dó fiosrú réasúnta a dhéanamh, go bhfuil sainchónaí ar na hinfheisteoirí sa Bhallstát nó go bhfuil oifig chláraithe acu sa Bhallstát sin, i gcás ina bhfuil fógra faoi ghníomhaíochtaí margaithe CIM tarchurtha i gcomhréir le hAirteagal 32, go bhfuil aonaid nó scaireanna an CIM sin ag na hinfheisteoirí ar lú ná 5% ar an iomlán de shócmhainní atá faoi bhainistíocht an CIM sin iad, arna ríomh ar bhonn na luachála is déanaí a rinneadh roimh an dáta a cuireadh isteach an litir fógra dá dtagraítear i mír 2, nó ar aon chúis eile a nglacann an t-údarás inniúil náisiúnta óstaigh is ábhartha ar an mbonn sin na sainiúlachtaí a bhaineann lena mhargadh baile féin;
- (b) cé is moite de CIManna iata agus de chistí a rialaítear le Rialachán (AE) 2015/760, tá poiblíú déanta ar feadh 30 lá oibre ar a laghad ar iltairiscint a chuid aonad nó scaireanna CIM uile atá i seilbh infheisteoirí sa Bhallstát a athcheannach, saor ó aon mhuirir nó asbhaintí, i gcás ina bhfuil fógra maidir lena ghníomhaíochtaí margaithe tarchurtha i gcomhréir le hAirteagal 32, agus tá an poiblíú sin dírithe ar gach infheisteoir ina aonar, go díreach nó trí idirghabhálaí, sa Bhallstát sin arb eol cé hé féin;
- (c) tá poiblíú déanta go bhfuil sé beartaithe fógra maidir leis na gníomhaíochtaí margaithe ar chríoch an Bhallstáit a chur ar ceal, i gcás ina bhfuil fógra maidir lena ghníomhaíochtaí margaithe tarchurtha i gcomhréir le hAirteagal 32, trí mheán atá ar fáil go poiblí agus is gnách do mhargú CIM agus atá oiriúnach do ghnáth-infheisteoir CIM.

2. Cuirfidh an BCIM fógra faoi bhráid údaráis inniúla a Bhallstáit baile ina gcuimseofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM a fhíorú an bhfuil an fógra a chuir an BCIM isteach i gcomhréir le mír 2 comhlánaithe ina iomláine. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM, tráth nach déanaí ná 20 lá oibre ó fuarthas an fógra iomlán dá dtagraítear i mír 2, an fógra sin a tharchur chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé beartaithe deireadh a chur le margú CIM, agus chuig ESMA.

Tar éis tharchur an chomhaid fógra de bhun na chéad fhomhíre, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM an tarchur sin in iúl láithreach don BCIM. Ón dáta sin ar aghaidh, scoirfidh an BCIM d'aon tairiscint nua nó de láithriú aonaid nó scaireanna an CIM atá á bhainistiú aige sa Bhallstát a sainaithníodh sa litir fógra dá dtagraítear i mír 2.

4. Leanfaidh an BCIM den fhaisnéis a éilítear faoi Airteagal 22 agus faoi Airteagal 23 a chur ar fáil d'infheisteoirí atá fós infheistithe sa CIM AE.

5. Ceadóidh na Ballstáit úsáid gach modha leictreonaigh nó eile cianchumarsáide chun críocha mhír 4.

(5) Leasaítear Airteagal 33 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír de mhír 6:

'Más rud é, de bhun athrú atá beartaithe, nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh níos mó ag an mbainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM nó nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh níos mó ag an BCIM ar shlí eile, cuirfidh údaráis inniúla ábhartha Bhallstát baile an BCIM in iúl don BCIM faoi cheann 15 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil nach bhfuil an t-athrú le cur i bhfeidhm aige.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír de mhír 6:

'I gcás ina gcuirtear athrú atá beartaithe chun feidhme d'ainneoin na chéad fhomhíre agus an dara fomhír nó de bhun athrú nach raibh beartaithe nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh níos mó ag an mbainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM nó nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh níos mó ag an BCIM ar shlí eile, déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM gach beart cuí i gcomhréir le hAirteagal 46 agus tabharfaidh siad fógra dá réir d'údaráis inniúla Bhallstát óstach an BCIM gan moill mhíchuí.'

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 43a seo a leanas:

'Airteagal 43a

Saoráidí ar fáil d'infheisteoirí miondíola

1. Gan dochar d'Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/760⁵, áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfidh BCIM ar fáil, i ngach Ballstát ina bhfuil sé ar intinn aige aonaid nó scaireanna CIM a mhargú le hinfeisteoirí miondíola, saoráidí leis na cúraimí seo a leanas a dhéanamh:

- (a) orduithe um shuibscríobh, íocaíocht, athcheannach agus fuascailt de chuid infheisteoirí agus a bhaineann le haonaid nó scaireanna an CIM, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i ndoiciméid an CIM, a phróiseáil;
- (b) faisnéis a chur ar fáil d'infheisteoirí faoi conas is féidir orduithe dá dtagraítear i bpointe (a) a dhéanamh agus conas a íoctar fáiltais athcheannaigh agus fuascailte;
- (c) láimhseáil faisnéise a bhaineann le cur i bhfeidhm na gceart atá ag infheisteoirí de bharr a n-infheistíochta sa CIM sa Bhallstát ina bhfuil an CIM á mhargú, a éascú;

⁵ Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha *IO L 123, 19.5.2015, lch. 9.*

- (d) an fhaisnéis agus na doiciméid a chur ar fáil d'infheisteoirí chun gur féidir imscrúdú a dhéanamh orthu agus cóipeanna a dhéanamh díobh i gcomhréir le hAirteagal 22 agus le hAirteagal 23;
- (e) faisnéis atá ábhartha do na cúraimí a dhéanann na saoráidí a chur ar fáil d'infheisteoirí ar mheán marthanach mar atá sonraithe in Airteagal 2(1)(m) de Threoir 2009/65/CE;
- (f) gníomhú mar phointe teagmhála le haghaidh cumarsáid a dhéanamh leis an údarás inniúil.

2. Ní cheanglóidh na Ballstáit ar BCIM láithreacht fhisiciúil a bheith aici sa Bhallstát óstach nó riarthóir tríú páirtí a cheapadh chun críche mhír 1.

3. Áiritheoidh an BCIM go gcuirfear na saoráidí ar fáil chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh:

- (a) i dteanga oifigiúil an Bhallstáit nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit inar margaidh an CIM nó i dteanga a d'fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit sin;
- (b) ag an BCIM féin nó ag tríú páirtí, faoi réir rialacháin agus maoirseachta lena rialaítear na tascanna a bheidh le déanamh, nó iad araon.

Chun críocha phointe (b), i gcás ina ndéanfaidh tríú páirtí na cúraimí, tabharfar fianaise ar an gceapachán sin le conradh i scríbhinn, ina sonrófar cé na cúraimí a shonraítear i mír 1 nach bhfuil á ndéanamh ag an BCIM agus go bhfaighidh an tríú páirtí an fhaisnéis ábhartha agus na doiciméid ábhartha go léir ón BCIM.'

(7) In Iarscríbhinn IV cuirtear isteach pointe (i) agus pointe (j) seo a leanas:

'(i) an fhaisnéis agus an seoladh is gá chun críocha sonrasetha nó chun aon táillí nó muirir rialála is infheidhme a chur in iúl

(j) léiriú ar na saoráidí chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43a a dhéanamh.'

Airteagal 3

Trasuí

1. Glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit, faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm*] ar a dhéanaí, na rialacha, na rialacháin agus na forálacha riaracháin atá riachtanach chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm*].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Meastóireacht

Faoi [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta 36 mí tar éis dháta trasuite na Treorach seo] déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, ar bhonn comhairliúcháin poiblí agus i bhfianaise idirphléití le ESMA agus le húdaráis inniúla, ar chur i bhfeidhm na Treorach seo.

Airteagal 4a

Athbhreithniú

Faoi [dáta 12 mhí ar a laghad tar éis na meastóireachta faoi Airteagal 4], tólacfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin, *inter alia*, ar a fhiúntaí atá sé na forálacha is infheidhme maidir le cuideachtaí bainistíochta GCUI a chomhchuibhiú lena ndéanfar suim an infheisteora i smaoineamh nó straitéis infheistíochta ar leith a thástáil, agus cibé acu is gá nó nach gá aon leasuithe a dhéanamh ar an Treoir seo chuige sin.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 1(1)(b), 1(2) 1(8), 2(3), 2(4)(c) agus 2(6) ó dháta teacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Airteagal 6

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
